Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2025
(OR. en)

15393/1/25
REV 1

ECOFIN 1515
UEM 544
FIN 1350
*ECB*
*EIB*

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta - An Iodáil<br>− Glacadh |

1. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, mar a leagtar amach in 10160/21 + ADD 1 REV 2 é, formheasadh an measúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241.

2. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle ina dhiaidh sin an 19 Meán Fómhair 2023, an 8 Nollaig 2023, an 14 Bealtaine 2024, an 18 Samhain 2024 agus an 20 Meitheamh 2025.

3. An 10 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

4. Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht ná comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

5. Ós mar sin atá, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 6 Samhain 2025 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas, mar a leagtar amach in 14949/25 agus 14949/25 ADD 1-2 é.

6. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 25 Samhain 2025 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

7. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 15106/25 agus 15106/25 ADD 1 + COR 1.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   – A dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:

      a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil, a fhormheas, mar a leagtar amach in 15106/25 é agus

      b) Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Iodáil a fhormheas, mar a leagtar amach in 15106/25 ADD 1 + COR 1 é, agus

– A mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.